NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11161 — NORDIC CAPITAL / FOXWAY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 288/04)

1. An 9 Lúnasa 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Nordic Capital XI Alpha, L.P., Nordic Capital XI Beta, L.P. (arb as an Ríocht Aontaithe dóibh araon), Nordic Capital XI Alpha, SCSp, Nordic Capital XI Beta, SCSp agus NC XI Gamma Investor, SCSp (arb as an Ísiltír dóibh uile) (dá ngairtear le chéile 'Nordic Capital Fund XI'),

— Foxway Group AB (an tSualainn), faoi rialú Norvestor VII, L.P.

Gheobhaidh Nordic Capital Fund XI rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Foxway Group AB, atá faoi úinéireacht Norvestor VII, L.P. faoi láthair, ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Nordic Capital Fund XI: cleamhnaí de chuid an ghrúpa cistí cothromais phríobháidigh Nordic Capital a dhíríonn ar infheistíochtaí sa réigiún Nordach agus i dtíortha ar leith i dTuaisceart na hEorpa den chuid is mó. Déanann Nordic Capital infheistíocht i réimse leathan tionscal ach leagann sé béim ar leith ar an gcúram sláinte, ar theicneolaíocht agus íocaíochtaí, ar sheirbhísí airgeadais, agus go roghnach, ar sheirbhísí do thomhaltóirí agus ar sheirbhísí tionsclaíocha agus gnó,

— Foxway Group AB: soláthar seirbhísí TF, amhail réitigh TF chiorclacha agus

— réitigh ath-thrádála do chustaiméirí poiblí agus príobháideacha, san Eoraip de chuid is mó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11161 — NORDIC CAPITAL / FOXWAY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË